**RABHADH**

**CAITHFEAR an Ceistpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabha(i)r ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo ⇒**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2006

**DÉ CÉADAOIN, 21 MEITHEAMH 2006, MAIDIN 9.30 – 12.00**

# EACNAMAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

**(400 Marc)**

Freagair **sé** cheist i Roinn A agus **ceithre** cheist i Roinn B. Tabharfar creidiúint ar fhreagairt shoiléir ghonta agus ar ord slachtmhar a bheith ar an ábhar.

## ROINN A (100 marc)

Freagair **sé** cinn de na **naoi** gceist le freagraí gearra sna spásanna atá ann dóibh.

## ROINN B (300 marc)

Freagair **Ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
**Ná** scríobh na freagraí do Roinn B ar an gceistpháipéar seo.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (75 marc).
Tabhair faoi deara go bhfuil fo-ranna sna ceisteanna.

**NÁ DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN/NA F(H)REAGARLEABHA(I)R A ÚSÁIDEADH CHUN NA CEISTEANNA I ROINN B A FHREAGAIRT**

# ROINN A (100 Marc)

Freagair **sé** cinn de na **naoi** gceist le freagraí gearra seo a leanas sna spásanna atá ann dóibh.

1. Táirgeann gnólacht 4 aonad de tháirge áirithe gach seachtain. Faigheann siad €2,000 san iomlán as na ceithre aonad sin a dhíol. Íocann an gnólacht na costais seo a leanas agus iad ag táirgeadh na gceithre aonad seo:
**Amhábhair** €500; **Cíos ar Fhoirgnimh** €400; **Pá** €400; **Árachas ar Fhoirgnimh** €200.

(a) Scríobh, sna spásanna thíos, cé acu dhá cheann ar costais sheasta iad agus cé acu dhá cheann ar costais athraitheacha iad.

| **Costais Sheasta** | | **Costais Athraitheacha** | |
|---|---|---|---|
| 1. | 2. | 1. | 2. |

(b) Ríomh na nithe seo a leanas agus taispeáin do chuid oibre:

(i) an **COSTAS IOMLÁN** ar na 4 aonad uile a tháirgeadh; ____________________________

____________________________________________________________

(ii) an **BRABÚS** a dhéantar ar na díolacháin; ____________________________

____________________________________________________________

(16 mharc)

2. Cad iad na heagraíochtaí a seasann na ceannlitreacha seo a leanas dóibh? (Glacfar le freagraí i nGaeilge nó i mBéarla.)

(i) POS (CSO *i mBéarla*) ____________________________________________

(ii) BCE (ECB *i mBéarla*) ____________________________________________

(16 mharc)

3. Sainmhínigh **cáin indíreach**.

(i) Sainmhíniú: ____________________________________________

____________________________________________________________

(ii) Cuir ciorcal thart ar an **DÁ** shampla de cháin indíreach ón liosta thíos. (Ná cuir ciorcal thart ar níos mó ná **DHÁ CHEANN** díobh seo.)

**ÍMAT (PAYE** *i mBéarla***)** **Dleacht Mháil** **Cáin Chorparáide** **CBL (VAT** *i mBéarla***)**

(16 mharc)

4. Ainmnigh an t-eacnamaí a luaitear go príomha le gach ceann, faoi seach, de na tuairimí eacnamaíochta sa liosta thíos:

**Prionsabail an Chánachais** ____________________________

**Teoiric um Fhabhar Leachtachta** ____________________________

**Teoiric um Dhaonra agus Sholáthar Bia** ____________________________

(16 mharc)

5. (i) Críochnaigh an abairt seo a leanas:

Tomhaiseann **Leaisteachas Ioncaim an Éilimh** (YED *i mBéarla*) an t-athrú céatadáin ar ____________ ar earra de bharr athrú céatadáin ar ____________________ an tomhaltóra.

(ii) 'Bíonn leaisteachas ioncaim an éilimh **Deimhneach** i gcás earra normálta.' Mínigh an ráiteas sin.

____________________________________________________________

____________________________________________________________

(16 mharc)

6. Tugtar an t-eolas seo a leanas duit maidir le tír áirithe.

| | **1995** | **2005** |
|---|---|---|
| Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN) ar phraghsanna an mhargaidh | €500 m | €1,200 m |
| Daonra | 10 milliún | 12 milliún |

Ríomh an **OTN in aghaidh gach duine** sa dá bhliain. Taispeáin do chuid oibre.

| **1995** | **2005** |
|---|---|
| *Obair* | *Obair* |
| **Freagra:** | **Freagra:** |

(17 marc)

7. Feidhm amháin atá ag an mBanc Ceannais (a nglaoitear Banc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann air anois) ná **gníomhú mar bhaincéir an rialtais.**

Mínigh an fheidhm a bhfuil líne fúithi agus luaigh **DHÁ** phríomhfheidhm eile atá ag an mBanc Ceannais.

Míniú: ______________________________

______________________________

Feidhm 1: ______________________________

Feidhm 2: ______________________________

(17 marc)

8. Luaigh buntáiste eacnamaíoch **AMHÁIN** agus míbhuntáiste eacnamaíoch **AMHÁIN** do gheilleagar na hÉireann a bhaineann le méadú an Aontais Eorpaigh (AE) le déanaí.

**Buntáiste eacnamaíoch amháin** ______________________________

______________________________

**Míbhuntáiste eacnamaíoch amháin** ______________________________

______________________________

(17 marc)

9. Bonn tuisceana amháin ag gnólacht in **Iomaíocht Fhoirfe** ná go bhfuil *eolas foirfe ar bhrabús agus ar phraghsanna ann.*

Luaigh **CEITHRE** bhonn tuisceana eile ag gnólacht in Iomaíocht Fhoirfe.

(i)______________________________

(ii)______________________________

(iii)______________________________

(iv)______________________________


(17 marc)

***Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na f(h)reagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i Roinn B a fhreagairt.***

# ROINN B (300 Marc)

Freagair **Ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
**Ná** scríobh na freagraí do Roinn B ar an gceistpháipéar seo.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (75 marc).
Tabhair faoi deara go bhfuil fo-ranna sna ceisteanna.

1. Taispeánann an léaráid thíos cothromaíocht fhadtréimhseach gnólachta in **Iomaíocht Neamhfhoirfe.**




(a) (i) Déan cóip den léaráid i do fhreagarleabhar. Cuir lipéad soiléir ar gach ceann de na línte ó 1 go 4.

(ii) Táirgeann an gnólacht thuas $Q_1$, mar a thaispeántar sa léaráid. Taispeáin ar do léaráid:

- an praghas a ghearrfaidh an gnólacht ar $Q_1$, (úsáid lipéad $P_1$)
- meánchostas táirgeachta an aschuir seo. (úsáid lipéad $C_1$)

(iii) Mínigh, agus tú ag tagairt a dhéanamh don léaráid, cén fáth a bhfuil brabús normálta á thuilleamh ag an ngnólacht thuas.

*(30 marc)*

(b) Luaigh **TRÍ** bhonn tuisceana atá i **Margadh in Iomaíocht Neamhfhoirfe.**
Scríobh nótaí gearra ar gach ceann díobh sin.

*(25 marc)*

(c) Luaigh, agus mínigh, buntáiste **AMHÁIN** agus míbhuntáiste **AMHÁIN** atá ag margaí in **Iomaíocht Neamhfhoirfe** do gach ceann díobh seo a leanas:

- Táirgeoirí;
- Tomhaltóirí.

*(20 marc)*

**[75 marc]**


2. (a) Chun go n-áireofaí tráchtearra mar earra eacnamaíoch, caithfidh sé a bheith **gann agus inaistrithe** agus caithfidh sé **áirgiúlacht** a sholáthar don tomhaltóir.

(i) Mínigh gach ceann de na téarmaí a bhfuil líne fúthu.

(ii) 'Tá an dea-shláinte inmhianaithe ach áirítear mar earra eacnamaíoch í.' Mínigh an chiall atá leis an ráiteas sin.

*(20 marc)*

(b) Taispeánann an léaráid thíos an soláthar agus an t-éileamh ar fhóin phóca in Éirinn.




(i) Déan cóip den léaráid i do fhreagarleabhar. Cuir lipéad soiléir ar gach ceann de na línte ó 1 go 3.

(ii) Luaigh, agus mínigh, **DHÁ** chúis a bhfuil an t-éileamh ar fhóin phóca méadaithe, mar a thaispeántar sa léaráid.

(iii) Déan earra ionaid d'fhón póca a mholadh agus mínigh do fhreagra.

*(20 marc)*

(c) Le blianta beaga anuas tá an t-éileamh ar thithe in Éirinn méadaithe.

(i) Luaigh, agus mínigh, **DHÁ** chúis leis an bhforbairt sin.

(ii) Mínigh go hachomair conas a théann an fhorbairt sin i bhfeidhm ar gach ceann díobh seo a leanas:

- Tionscal na Tógála / na Foirgníochta;
- An Rialtas;
- Scairshealbhóirí na mBanc.

*(35 marc)*

**[75 marc]**

3. (a) Dhá fheidhm atá ag an airgead ná bheith ina **mheán malairte** agus ina **stóras rachmais.** Mínigh gach ceann de na téarmaí a bhfuil líne fúthu agus luaigh feidhm **AMHÁIN** eile ag an airgead.

*(20 marc)*

(b) (i) Mínigh cad is ciall leis an téarma **'boilsciú praghsanna'.**

(ii) Luaigh, agus mínigh, an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag **ardú** sa ráta boilscithe praghsanna ar gach ceann díobh seo a leanas:

- Pinsinéirí seanaoise;
- Éilimh ar phá ag oibrithe;
- An Rialtas.

*(30 marc)*

(c) Luaigh, agus mínigh, na sochair a thiocfadh as titim sa ráta úis do gach ceann díobh seo a leanas:

- Iasachtaithe;
- Fostóirí;
- An Rialtas.


*(25 marc)*

**[75 marc]**

4. (a) (i) Sainmhínigh **saothar** mar thoisc tháirgeachta.
(ii) Luaigh, agus mínigh, **DHÁ** chúis a n-íoctar rátaí pá éagsúla ar phoist éagsúla.
(iii) Luaigh, agus mínigh, forbairt **AMHÁIN** a mbeadh sé de thoradh air, b'fhéidir, go ndéanfadh gnólacht laghdú ar líon na n-oibrithe a fhostaíonn sé faoi láthair.

*(25 marc)*

(b) Taispeánann an léaráid thíos an soláthar saothair ag duine áirithe. Ó phointe A go pointe B tá an duine seo ullamh chun níos mó uaireanta oibre a dhéanamh, de réir mar a mhéadaítear an ráta pá in aghaidh na huaire an chloig.




(i) Mínigh an chaoi a dtéann méaduithe breise pá ó phointe B go pointe C i bhfeidhm ar an duine seo. Tabhair cúis **AMHÁIN** go dtarlódh sé seo.
(ii) D'fhéadfadh fostóir **sochair chomhchineáil** a thairiscint dá fhostaithe, chomh maith le pá. Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi agus tabhair **DHÁ** shampla de shochair chomhchineáil.

*(25 marc)*

(c) In 2005 méadaíodh an t-íosphá a íoctar le hoibrithe in Éirinn go dtí €7.65.
Mínigh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an méadú sin ar gach ceann díobh seo a leanas:
- An soláthar saothair;
- An t-éileamh ar shaothar ag gnólachtaí aonair;
- An ráta boilscithe in Éirinn.

*(25 marc)*
**[75 marc]**

5. Taispeánann an tábla thíos táirgeacht innealra agus éadaí sa tSín agus san India. Cé go bhfuil an tSín níos éifeachtaí i dtáirgeacht an dá earra, bainfidh sé sochar amach fós as an speisialtóireacht.

| **Tír** | **Tráchtearra (táirgeacht ag oibrí san uair)** | |
|---|---|---|
| | **Innealra** | **Éadaí** |
| An India | 5 aonad | 10 n-aonad |
| An tSín | 6 aonad | 20 aonad |
| **Táirgeacht Iomlán** | 11 aonad | 30 aonad |

(a) (i) Mínigh cén fáth ar chóir don tSín díriú ar tháirgeacht éadaí agus don India díriú ar tháirgeacht innealra.
(ii) Ainmnigh an Dlí Eacnamaíochta a bhaineann leis an tábla thuas.
(iii) Má tharlaíonn an speisialtóireacht sin, ríomh an táirgeacht iomlán dá thoradh sin. Taispeáin do chuid oibre.

*(30 marc)*

(b) (i) Luaigh, agus mínigh, **TRÍ** chúis a bhfuil tábhacht le hallmhairí i ngeilleagar na hÉireann.
(ii) Is sampla d'allmhaire dhofheicthe in Éirinn iad na hÉireannaigh a bheidh ag freastal ar Chorn an Domhain sa Ghearmáin. Luaigh **DHÁ** shampla eile d'**allmhairí dofheicthe.**

*(25 marc)*

(c) Tá seans go gcinnfeadh rialtais ar shrian a chur leis an tsaorthrádáil idirnáisiúnta.
(i) Luaigh, agus mínigh, **DHÁ chúis** a mbeadh fonn ar rialtas srian a chur le hallmhairí.
(ii) Luaigh, agus mínigh, **DHÁ mhodh** a d'úsáidfeadh rialtas chun srian a chur le hallmhairí.

*(20 marc)*
**[75 marc]**

6. (a) Fadhb amháin atá ag tíortha tearcfhorbartha (LDCs i mBéarla) faoi láthair ná ráta ard fáis sa daonra.

(i) Luaigh, agus mínigh, **TRÍ** fhadhb eacnamaíocha eile (seachas fás an daonra), atá ag cur as do na tíortha seo.

(ii) Mol **DHÁ** bheart, a d'fhéadfadh daoine sa domhan forbartha a dhéanamh, chun cabhrú leis na tíortha seo a gcuid fadhbanna a laghdú.

*(25 marc)*

(b) Tá lánfhostaíocht i ngeilleagar na hÉireann faoi láthair.

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.

(ii) Luaigh, agus mínigh, an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an lánfhostaíocht ar **gach** ceann díobh seo a leanas:

- leibhéal an chaiteachais sa gheilleagar;
- leibhéal na hinimirce go hÉirinn.

*(20 marc)*

(c) Tá a lán Éireannach buartha faoi leibhéal ólta an alcóil in Éirinn.

(i) Luaigh, agus mínigh, **DHÁ** bheart eacnamaíocha a d'fhéadfadh an Rialtas a dhéanamh chun **laghdú** ar ólachán an alcóil a spreagadh.

(ii) Dá laghdófaí ólachán an alcóil, luaigh agus mínigh an tionchar eacnamaíoch a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt sin ar **gach** ceann díobh seo a leanas:

- gnólachtaí in earnáil deochanna na hÉireann;
- leibhéal na neamhláithreachta ag oibrithe;
- glacadh isteach othar i rannóga timpistí agus éigeandála na n-ospidéal.

*(30 marc)*

**[75 marc]**

7. (a) (i) Is geilleagar oscailte beag í Éire, a bhíonn ag brath ar an infheistíocht chun fás geilleagrach a bhaint amach. Mínigh **gach** ceann de na téarmaí a bhfuil líne fúthu.

(ii) Tugtha: Ioncam Náisiúnta mar **Y = C + 1 + G + X – M**

C = €5,000m; I = €2,500m; G = €2,300m; X = €1,000m agus M = €800m

Ríomh, agus na figiúirí tugtha á n-úsáid agat, leibhéal an ioncaim náisiúnta. Taispeáin do chuid oibre ar fad.

*(25 marc)*

(b) Tá fás geilleagrach ard in Éirinn le blianta beaga anuas.

(i) Luaigh, agus mínigh, **DHÁ bhuntáiste** a d'fhéadfadh a bheith ag an tír as an bhfás geilleagrach.

(ii) Luaigh, agus mínigh, **DHÁ mhíbhuntáiste** a d'fhéadfadh a bheith ag an tír as an bhfás geilleagrach.

*(25 marc)*

(c) Chabhraigh infheistíocht choigríche le fás geilleagrach na hÉireann.

(i) Cén fáth a roghnaíonn gnólachtaí coigríche a láithriú in Éirinn? Luaigh, agus mínigh, **DHÁ** chúis eacnamaíocha leis.

(ii) Luaigh, agus mínigh, bealach **AMHÁIN** a mbíonn tionchar ag na gnólachtaí coigríche seo ar **gach** ceann díobh seo a leanas:

- Leibhéal na fostaíochta in Éirinn;
- Leibhéal na n-onnmhairí as Éirinn;
- An t-ioncam a bhailítear ón gcáin in Éirinn.

*(25 marc)*

**[75 marc]**

8. (a) Réitíonn Aire Airgeadais an Buiséad Reatha seo a leanas do 2006.

| Buiséad Reatha – 2006 | | | |
|---|---|---|---|
| Ioncam Reatha an Rialtais | €3,800m | Caiteachas Reatha an Rialtais | €3,000m |

(i) Luaigh **DHÁ** shampla d'ioncam reatha an Rialtais agus **DHÁ** shampla de chaiteachas reatha an Rialtais.

(ii) Ríomh an Barrachas sa Bhuiséad Reatha don bhuiséad thuas. Taispeáin do chuid oibre.

(iii) Dá mbeifeá i d'Aire Airgeadais agus dá mbeadh an Barrachas sin sa Bhuiséad Reatha ar fáil duit, luaigh agus mínigh **DHÁ** bheart a dhéanfá chun an caighdeán maireachtála laistigh den tír a fheabhsú.

*(25 marc)*

(b) Tá ag méadú ar an ioncam ón gcáin in Éirinn le blianta beaga anuas.

(i) Luaigh, agus mínigh, **DHÁ** chúis leis an bhforbairt sin.

(ii) Dá ndéanfadh an Rialtas **na rátaí do cháin indíreach a laghdú,** luaigh agus mínigh an tionchar a bheadh ag an bhforbairt sin ar gach ceann díobh seo a leanas:

- Tomhaltóirí;
- Déantóirí:
- Gnólachtaí sa tionscal seirbhíse (e.g. óstáin / bialanna)

*(20 marc)*

(c) Tá an Rialtas ag ullmhú do **phríobháidiú** Aer Lingus.

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.

(ii) Luaigh, agus mínigh buntáiste, eacnamaíoch **AMHÁIN** agus míbhuntáiste eacnamaíoch **AMHÁIN** a d'fhéadfadh a bheith ag a leithéid d'fhorbairt do gach ceann díobh seo a leanas:

- fostaithe Aer Lingus;
- paisinéirí Aer Lingus;
- cáiníocóirí na hÉireann.

*(30 marc)*

**[75 marc]**

***Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na f(h)reagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i Roinn B a fhreagairt.***